Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0330/A(COD)**

13329/19
ADD 1

CODEC 1515
FRONT 284
SIRIS 153
COMIX 483

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Táthar ag súil leis go mbeidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar imthosca dúshlánacha sna blianta atá le teacht chun riar ar riachtanais eisceachtúla chun baill foirne cháilithe a earcú agus a choimeád ar an mbonn geografach is forleithne is féidir. I bhfianaise shainordú na Gníomhaireachta agus líon suntasach a ball foirne, tá sé buntábhachtach sásraí a iniúchadh lena ndéanfar tarraingteacht na Gníomhaireachta mar fhostóir a chumasú trí luach saothair fhoireann na Gníomhaireachta i Vársá a oiriúnú, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme.

Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar an mbonn agus ar na modúlachtaí maidir le haon sásra iomchuí den sórt sin, go háirithe nuair a bheidh na tograí á dtíolacadh aige le haghaidh athbhreithniú ar Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus ar Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle[1]. Beidh aon sásra den sórt sin comhréireach le tábhacht na gcuspóirí a bheidh á saothrú agus ní bheidh sé ina chúis le cóireáil éagothrom i measc bhaill foirne institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais má bhíonn institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí sin an Aontais i staid chomhchosúil.

---

1 IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.